



Aighneacht

do RTÉ

dá

Ráiteas Seirbhíse Poiblí

ó

Chonradh na Gaeilge

18 Márta 2021

CÚLRA

Is é Conradh na Gaeilge fóram daonlathach phobal na Gaeilge agus saothraíonn an eagraíocht ar son na teanga ar fud na hÉireann uile agus timpeall na cruinne.

Is í príomhaidhm na heagraíochta an Ghaeilge a athréimniú mar ghnáth-theanga na hÉireann. Ó bunaíodh é ar 31 Iúil 1893 tá baill an Chonartha gníomhach ag cur chun cinn na Gaeilge i ngach gné de shaol na tíre, ó chúrsaí dlí agus oideachais go forbairt meán cumarsáide agus seirbhísí Gaeilge.

Tá Conradh na Gaeilge roghnaithe ag Foras na Gaeilge, an foras uile oileánda ag feidhmiú ar son an dá Rialtas thuaidh agus theas leis an nGaeilge a chur chun cinn, mar cheann de na sé cheanneagraíocht atá maoinithe acu leis an nGaeilge a fhorbairt ar oileán na hÉireann. Go príomha, tá Conradh na Gaeilge roghnaithe le tabhairt faoi chosaint teanga, ionadaíocht agus ardú feasachta ar an Ghaeilge.

Tá 180 craobh agus iomaí ball aonair ag Conradh na Gaeilge, agus bíonn baill uile an Chonartha ag saothrú go dian díograiseach chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn ina gceantair féin. Tá breis eolais faoi obair an Chonartha le fáil ag www.cnag.ie.

INTREOIR

Cuireann Conradh na Gaeilge fáilte roimh an deis seo aighneacht a chur chuig RTÉ dá Ráiteas Seirbhíse Poiblí.

Creideann an Conradh go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeidh an Ghaeilge aitheanta go láidir sa ráiteas straitéise.

RÁITEAS SEIRBHÍSE POIBLÍ 2015

Bhí Ráiteas Seirbhíse Poiblí 2015 RTÉ an-díomách agus an-easnamhach ó thaobh na Gaeilge de. Cé go raibh tagairt don teanga sa *Réamhrá: Luach don phobal* sa ré dhigiteach mar seo a leanas:

Is eagraíocht meán neamhbhrabúis é RTÉ atá ann chun freastal ar mhuintir na hÉireann agus ar mhuintir na hÉireann thar lear. Tá dualgas ar RTÉ de réir an dlí a bheith cruinn, cothrom agus neamhchlaonta agus gan a bheith faoi réir ag tionchar ón stát agus ó leas polaitíochta agus tráchtála. **Ní mór do RTÉ raon cuimsitheach clár a chur ar fáil i nGaeilge** agus i mBéarla a léiríonn éagsúlacht cultúir oileán ar fad na hÉireann lena n-áirítear cláir a chuireann siamsaíocht, eolas agus oideachas ar fáil. Ní mór dó freastal ar leasanna mionlaigh agus tromlaigh agus ní mór dá chuid clár agus seirbhísí a bheith ar fáil saor go haer don phobal ar fad.

Ní raibh aon tagairt don Ghaeilge, nó don raon cuimsitheach clár atá RTÉ le cur ar fáil i nGaeilge, sa chuid eile den ráiteas agus sna rannóga seo a leanas go háirithe:

- An cur síos ar sheirbhísí reatha RTÉ (seachas faoi Raidió na Gaeltachta)
- Seirbhísí RTÉ amach anseo
- Prionsabail RTÉ

Os rud é nach raibh aon phrionsabal sonrathach faoin nGaeilge luaite i bPrionsabal RTÉ, níl ach tagairt fánach don teanga luaite sna 39 gníomhachtaí, liostáilte i 6 rannóg, sa ráiteas i 2015, is é sin:

- Seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge agus Béarla araon

Dar ndóigh, níl aon rud uathúil don Ghaeilge faoin gníomhaíocht seo os rud é go luaitear an Ghaeilge leis an mBéarla ar nós go bhfuil sé do sprioc ag RTÉ go mbeidh cothromaíocht idir an dá theanga – rud nach bhfuil ag tarlúint. As an 750 focal in úsáid sna gníomhaíochtaí luaite sa ráiteas, ní bhaineann ach 7 bhfocal leis an nGaeilge. Ní fheadfaí glacadh leis seo go bhfuil an Ghaeilge go straitéiseach mar fíorthosaíocht ag RTÉ.

MOLTAÍ

De réir bunreacht na hÉireann:

- ós í an Ghaeilge an teanga náisiúnta is í an phríomhtheanga oifigiúil í

Tá géarghá an Ghaeilge, an teanga náisiúnta, a normalú sna meáin in Éirinn mar sin. Creideann muid go bhfuil dualgas faoi leith ar RTÉ an teanga a chur chun cinn níos mó agus ról lárnach a imirt len í a normalú i sochaí na tíre.

Tá na moltaí seo a leanas molta agus leagtha amach bunaithe ar an leagan amach i ráiteas straitéise poiblí RTÉ 2015.

1. Sna cur síos ar sheirbhísí reatha éagsúla de chuid RTÉ, ba chóir an Ghaeilge a chur san áireamh sa chur síos ar gach ardán luaite ann, mar shampla:
 - a. RTÉ One: Freastalóidh ar an bpobal i gcoitinne le cláir shuntasacha, drámaíocht ardfhiúntais, cláir fhaisnéise, fhíorasacha agus siamsaíochta, nuacht agus cúrsaí reatha agus an tír a thabhairt le chéile d'imeachtaí móra náisiúnta **as Gaeilge agus as Béarla araon**
2. Sa chur síos ar sheirbhísí RTÉ amach anseo, ba chóir an Ghaeilge a chur san áireamh go sonrach ann chomh maith, mar shampla:
 - a. Leanfaidh RTÉ, le linn shaolré an Ráitis seo, ag cur athrú ar a chuid seirbhísí agus a phunainne agus forbróidh seirbhísí nua de réir mar a thagann athrú ar nósanna tapaithe meán cumarsáide agus cinnteoidh go mbeidh an lucht féachana agus éisteachta ábalta tairbhe a bhaint as dul chun cinn i dteicneolaíochtaí digiteacha **trí Ghaeilge agus trí Bhéarla araon**
3. Sa liosta prionsabail, ba chóir go mbeadh prionsabal a bhaineann leis an nGaeilge, ar nós:
 - a. **Imreoidh RTÉ ról gníomhach agus leanúnach le húsáid na Gaeilge a normalú i sochaí na hÉireann tríd úsáid na Gaeilge a chur san áireamh ina chuid cláracha agus ar a ardán ar fad**
4. Ag éirí as an bprionsabal seo, ba chóir rannóg faoi leith a bheith san áireamh don phrionsabal seo sna gníomhaíochtaí luaite sa ráiteas. Tá moltaí thíos don rannóg seo:
 - a. **Chraolfar ar a laghad 5% de chláracha teilifíse RTÉ as Gaeilge idir cainéil éagsúla teilifíse RTÉ**
 - b. **Chomh maith leis sin, beidh úsáid na Gaeilge go gníomhach agus go suntasach curtha san áireamh i gcláracha siamsaíochta uile RTÉ**
(Nóta sa bhreis: chuirfear an coinníoll/riachtanas seo san áireamh, mar sin, in aon chonradh a bhronnfar ar chomhlacht léiriúchán neamhspleách nó a dhéanfaidh RTÉ fhéin amach anseo, ar nós Dancing With The Stars, First Dates, srl.)
 - c. **Cinnteoidh RTÉ, i bpáirt le TG4, seirbhís as Gaeilge do dhaoine óga ó ar a laghad 07.00 go 19.00 gach lá**
(Nóta sa bhreis: ar nós RTÉ Junior agus Cúla 4 agus ar na hardáin céanna leo)
 - d. **Cuirfidh RTÉ tráchtairacht as Gaeilge ar fáil do gach cluiche CLG agus gach cluiche idirnáisiúnta rugbaí nó sacar a chraolfar**
 - e. **Déanfar forbairt ar sheirbhísí reatha RTÉ Raidió na Gaeltachta**
 - f. **Tabharfar tacaíocht do Raidió Rí-Rá lena a sheirbhís raidió reatha Gaeilge do dhaoine óga a fhorbairt agus a chur ar fáil ar na hardáin ceanna le RTÉ 2FM, i. fm, Saorview, srl.. san áireamh**
 - g. **Léireoidh RTÉ meas d'úsáid na Gaeilge i gcónaí**
(Nóta sa bhreis: m.sh. craolfaidh RTÉ aon agallamh nó óráid a déantar as Gaeilge i rith nó mar chuid de scéal nuachta as Gaeilge gan cur isteach orthu; bainfidh RTÉ úsáid as logainmneacha oifigiúla dlíthiúil Gaeilge na Gaeltachta in aon tagairt do na ceantair Gaeltachta; srl.)
 - h. **Cuirfidh RTÉ deiseanna forbartha gairmiúla ar fáil dá bhfostaithe ar fad len a gcuid Gaeilge a fheabhsú**
 - i. **Bainfidh RTÉ úsáid suntasach as an nGaeilge ar gach ardán agus modh cumarsáide de chuid na heagraíochta ar bhonn leanúnach**

- j. Spreagfar comhlachtaí go gníomhach le fógraíocht a dhéanamh as Gaeilge ar ardáin éagsúla RTÉ